An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 18 Aibreán 2024**
**(OR. en)**

**EUCO 12/24**

**CO EUR 10**
**CONCL 3**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach (17 agus 18 Aibreán 2024) – Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

*I gcomhthéacs na dtoghchán Eorpach atá ar na bacáin, leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a dhiongbháilte atá an tAontas agus na Ballstáit dlúthfhaireachán a dhéanamh ar aon rioscaí a eascraíonn as an mbréagaisnéis, lena n-áirítear tríd an intleacht shaorga, agus as ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis i bpróisis toghcháin, agus srian a chur ar na rioscaí sin. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar institiúidí an Aontais agus ar na húdaráis náisiúnta dul i gcomhar le chéile maidir leis na hábhair sin.*

*

*   *

## I. AN ÚCRÁIN

1. Ag meabhrú di na conclúidí a d'eisigh sí i mí an Mhárta 2024, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a tacaíocht bhuanseasmhach don Úcráin, dá muintir agus dá neamhspleáchas, dá ceannasacht agus dá hiomláine chríochach laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta.

2. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir na hionsaithe leanúnacha aeir agus diúracán atá á ndéanamh ag an Rúis ar shibhialtaigh agus ar bhonneagar sibhialtach agus criticiúil na hÚcráine, lena n-áirítear an spriocdhíriú treisithe atá déanta le déanaí ar an earnáil fuinnimh. Déanfaidh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit an soláthar cúnaimh dhaonnúil agus cosanta sibhialta a threisiú, lena n-áirítear trealamh ar nós gineadóirí cumhachta agus claochladáin chumhachta.

3. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a riachtanaí atá sé aerchosaint a sholáthar go práinneach don Úcráin agus dlús a chur le seachadadh an chúnaimh mhíleata uile is gá, lena n-áirítear armlón airtléire agus diúracáin, agus an seachadadh sin a threisiú. Iarrann sí ar an gComhairle, go háirithe ag an gcruinniú atá ar na bacáin aici, agus ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar an obair leantach is gá. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an dul chun atá déanta maidir leis na tograí chun ioncaim urghnácha a eascraíonn as sócmhainní blocáilte na Rúise a threorú chun leasa na hÚcráine agus iarrann sí go nglacfaí go pras iad.

   Agus an tacaíocht mhíleata á soláthar, tabharfar lánurraim do bheartas slándála agus cosanta Ballstát áirithe agus cuirfear leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile san áireamh.

## II. AN MEÁNOIRTHEAR

4. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir agus go neamhbhalbh an t-ionsaí a rinne an Iaráin ar Iosrael agus athdhearbhaíonn sí a dlúthpháirtíocht iomlán le muintir Iosrael agus a tiomantas do shlándáil Iosrael agus do chobhsaíocht an réigiúin. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Iaráin agus ar a seachfhórsaí deireadh a chur leis na hionsaithe uile agus tathantaíonn sí ar na páirtithe uile an-ghuaim a chur orthu féin agus staonadh ó aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh cur leis an teannas sa réigiún. Déanfaidh an tAontas Eorpach bearta sriantacha breise i gcoinne na hIaráine, go háirithe i ndáil le haerfheithiclí gan foireann agus diúracáin. Tá an tAontas Eorpach tiomanta i gcónaí rannchuidiú leis an díghéarú agus leis an tslándáil sa réigiún.

5. Meabhraíonn an Chomhairle Eorpach gach gné de na conclúidí a d'eisigh sí i mí an Mhárta 2024 agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil sí tiomanta oibriú le comhpháirtithe chun deireadh a chur leis an ngéarchéim in Gaza gan mhoill agus Rún 2728 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí shos cogaidh láithreach a bhaint amach agus gach giall a scaoileadh saor gan choinníoll, agus trí rochtain iomlán thapa shábháilte agus gan bhac ar chabhair dhaonnúil a chur ar fáil do Phalaistínigh atá i ngátar. Leanann an tAontas Eorpach dá thiomantas do shíocháin bhuan mharthanach arna bunú ar réiteach an dá stát.

6. Tá an tAontas Eorpach faoi réir chun oibriú leis na comhpháirtithe uile chun nach mbeidh tuilleadh teannais sa réigiún, go háirithe sa Liobáin. Meabhraíonn sé go dtacaíonn sé go láidir leis an Liobáin agus le muintir na Liobáine agus aithníonn sé na dálaí deacra atá sa Liobáin ar bhonn intíre agus mar thoradh ar theannas réigiúnach. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na páirtithe uile gealltanas a thabhairt go gcuirfear Rún 1701 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe chun feidhme. Sa chomhthéacs sin, tá an tAontas Eorpach tiomanta i gcónaí do chobhsaíocht na Liobáine, lena n-áirítear trí thacú le hathchóirithe a bhfuil géarghá leo, agus tá sé tiomanta i gcónaí an tacaíocht a thugann sé d'Fhórsaí Armtha na Liobáine a neartú.

7. Dearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil rún daingean ag an Aontas tacú leis na daoine is leochailí sa Liobáin, lena n-áirítear dídeanaithe, daoine atá easáitithe ina dtír féin agus pobail óstacha atá i ngátar, chomh maith le tacaíocht a chur ar fáil chun gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil daoine a chomhrac. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach gur gá na dálaí cearta a bheith ann chun dídeanaithe ón tSiria a chur ar ais ar bhonn sábháilte, deonach agus díniteach, dálaí arna sainiú ag Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe.

8. Ag féachaint don ochtú ceann de Chomhdhálacha na Bruiséile maidir leis an tSiria, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chúnaimh a thugann an tAontas do dhídeanaithe ón tSiria agus do dhaoine easáitithe sa tSiria agus sa réigiún agus feabhas a chur ar éifeachtacht an chúnaimh sin. Iarrann sí ar na deontóirí uile an méid cúnaimh a thugann siad dóibh a choinneáil ar an leibhéal céanna nó a mhéadú.

## III. AN TUIRC

9. Bhí díospóireacht straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas agus an Tuirc, agus aird á tabhairt aici ar an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón Ardionadaí agus ón gCoimisiún maidir le staid na himeartha i ndáil leis an gcaidreamh polaitiúil, eacnamaíoch agus trádála idir an tAontas agus an Tuirc. Tá leas straitéiseach ag an Aontas Eorpach i dtimpeallacht chobhsaí shlán sa Mheánmhuir Thoir agus i bhforbairt caidrimh chomhoibrithigh chomhthairbhigh leis an Tuirc. Cuireann an Chomhairle Eorpach de chúram ar Coreper, agus urraim á tabhairt d'inniúlachtaí na n-institiúidí ábhartha, an obair a thabhairt ar aghaidh maidir le moltaí na Teachtaireachta Comhpháirtí i gcomhréir leis na conclúidí a ghlac sí roimhe seo agus ar bhealach céimnithe comhréireach inchúlaithe, faoi réir treoir bhreise ón gComhairle Eorpach. Beidh rannpháirtíocht chuiditheach na Tuirce féin ríthábhachtach chun na réimsí éagsúla comhair a sainaithníodh sa Teachtaireacht Chomhpháirteach a chur chun cinn.

10. I ndáil leis an méid sin, chun an comhar idir an tAontas agus an Tuirc a fheabhsú a thuilleadh, tá sé an-tábhachtach don Aontas Eorpach go n-atosófar na cainteanna maidir le réiteach a bhaint amach sa Chipir agus go ndéanfar dul chun cinn sna cainteanna sin. Ag meabhrú di na conclúidí a ghlac sí roimhe seo, leanann an Chomhairle Eorpach de bheith lántiomanta do réiteach cuimsitheach ar fhadhb na Cipire, faoi chuimsiú na Náisiún Aontaithe, i gcomhréir leis na rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus i gcomhréir leis na prionsabail ar a bhfuil an tAontas fothaithe agus an *acquis*. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur ceapadh María Angela Holguín Cuéllar mar Thoscaire Pearsanta Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maidir leis an gCipir. Tá an tAontas Eorpach faoi réir ról gníomhach a ghlacadh chun tacú le gach céim den phróiseas seo faoi stiúir na Náisiún Aontaithe, agus leas á bhaint aige as na modhanna iomchuí uile atá ar fáil dó.

## IV. COMHAONTÚ NUA MAIDIR LE hIOMAÍOCHAS NA hEORPA

11. I bhfianaise dhreach nua na geopholaitíochta agus dúshláin atá ag dul i gcastacht i aghaidh an lae, tá an tAontas Eorpach meáite ar ghníomhú ar bhealach cinntitheach chun a iomaíochas, a rathúnas agus a cheannaireacht a áirithiú ar an leibhéal domhanda ar bhonn fadtéarmach agus chun a cheannasacht straitéiseach a neartú.

12. Ag meabhrú di na conclúidí uaithi i mí an Mhárta 2023 agus i mí an Mheithimh 2023, áiritheoidh an Chomhairle Eorpach go mbeidh cur chuige comhtháite aici i ngach réimse beartais chun an táirgiúlacht agus an fás inbhuanaithe cuimsitheach a mhéadú ar fud na hEorpa, chun geilleagar láidir nuálach athléimneach a thógáil agus chun samhail uathúil shóisialta agus eacnamaíoch na hEorpa a chur chun cinn mar bhonn chun borradh a chur faoi aistriú iomaíoch an Aontais i dtreo na ceannasachta digití ar bhealach féinchinntithe agus oscailte agus i dtreo na haeráidneodrachta. Is é is aidhm don chomhaontú glas a bheith iomaíoch ar leibhéal domhanda agus neamhspleáchas fuinnimh a mhéadú. Méadóidh sé sin fíorioncaim agus an chumhacht ceannaigh, rud a chuirfidh feabhas ar chaighdeáin mhaireachtála do shaoránaigh uile an Aontais.

13. Le 30 bliain anuas, tá an Margadh Aonair gona cheithre shaoirse ina inneall cumhachtach cóineasaithe agus fáis ag an Aontas agus ag na Ballstáit, lena gcuirtear chun cinn geilleagar sóisialta margaidh ardiomaíochais, comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, agus cothrom iomaíochta atá bunaithe, *inter alia*, ar chreat éifeachtach státchabhrach agus iomaíochais. I bhfianaise an teannais gheopholaitiúil agus na mbeartas forránach arna nglacadh ag comhpháirtithe agus iomaitheoirí idirnáisiúnta, go háirithe i réimse na bhfóirdheontas, agus i bhfianaise freisin treochtaí fadtéarmacha táirgiúlachta, teicneolaíocha agus déimeagrafacha, ní mór don Eoraip aistriú a dhéanamh ó thaobh beartas de, ag tógáil ar a láidreachtaí iomaíocha.

14. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur chuir Enrico Letta a Thuarascáil Ardleibhéil dar teideal *Much More Than A Market* [Margadh thar an gCoitiantacht] i láthair, agus iarrann sí ar Uachtaránacht reatha na Comhairle agus ar Uachtaránachtaí na Comhairle a bheidh ann amach anseo leanúint den obair ar na moltaí atá inti as seo go deireadh na bliana. Is fada leis an gComhairle Eorpach go gcuirfear chun feidhme an tuarascáil atá ar na bacáin maidir le hiomaíochas na hEorpa. Cuirfear treoir bhreise ar fáil leis an gClár Oibre Straitéiseach nua a bheidh ina chreat don obair atá le déanamh amach anseo.

**I dtreo comhaontú nua maidir le hiomaíochas na hEorpa**

15. Tá gá le comhaontú nua maidir le hiomaíochas na hEorpa, agus é fréamhaithe i Margadh Aonair lán-chomhtháite. Chuige sin, caithfear iarrachtaí a dhéanamh ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon agus ar fud na réimsí beartais chun fáil réidh leis na bearnaí fáis, táirgiúlachta agus nuálaíochta atá ag an Aontas le hais a chomhpháirtithe idirnáisiúnta agus a phríomhiomaitheoirí. Chuige sin, ní mór gníomhú níos fearr i réimse an bheartais ar mhaithe le feabhas a chur ar bhonn eacnamaíoch, monaraíochta, tionsclaíoch agus teicneolaíoch na hEorpa, agus ar an gcaoi sin athléimneacht eacnamaíoch agus athnuachan tionsclaíoch, iomaíochas domhanda agus ceannaireacht theicneolaíoch an Aontais, chomh maith lena tharraingteacht mar shuíomh gnó, a dhaingniú. Sa chomhthéacs sin, is den ríthábhacht cothrom iomaíochta a shaothrú, ar leibhéal domhanda agus laistigh den Mhargadh Aonair araon.

16. Trí na dálaí a chruthú lenar féidir le hoibreoirí Eorpacha na deiseanna a bhaineann le geilleagar aeráidneodrach, digiteach agus ciorclach a thapú, agus leas á bhaint as an gcur chuige cothrom cuimsitheach a leagadh amach in Granada, cuideofar leis an Aontas réitigh inbhuanaithe a chur ar fáil a oibreoidh do chách. Chuige sin, ba cheart gach uirlis ábhartha, lena n-áirítear an soláthar poiblí, a ghiaráil. Tá ról lárnach ag an mbeartas comhtháthaithe maidir le héagothromaíochtaí a laghdú agus fás inbhuanaithe fadtéarmach a spreagadh. Is den ríthábhacht nascacht trasteorann agus bonneagar ardcháilíochta a bheith ann freisin. Ina theannta sin, ní mór don Eoraip a spleáchais straitéiseacha a laghdú sna hearnálacha íogaire a sainaithníodh in Versailles – mar atá fuinneamh, amhábhair chriticiúla, leathsheoltóirí, an tsláinte, cúrsaí digiteacha, bia agus teicneolaíochtaí criticiúla – agus in earnálacha eile chomh maith, cuir i gcás, ceimiceáin, an bhith-theicneolaíocht agus an spás.

17. Chun infheistíocht a dhéanamh inár gcuid príomhearnálacha straitéiseacha agus inár bpríomhbhonneagar straitéiseach, beidh meascán den mhaoiniú poiblí agus den mhaoiniú príobháideach ag teastáil. Tá ról tábhachtach i gcónaí ag buiséad an Aontais agus ag grúpa BEI. Tá sé ríthábhachtach Aontas na Margaí Caipitil a dhoimhniú chun leas a bhaint as caipiteal príobháideach. Soláthróidh an doimhniú sin do chuideachtaí Eorpacha rochtain ar mhaoiniú níos éagsúlaithe ar chostais níos ísle, cuideoidh sé le coigilteas intíre a threorú agus an méid suntasach infheistíochta príobháidí is gá a shlógadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach go háirithe, agus riachtanais thionscal cosanta na hEorpa. Ba cheart an rochtain ar chaipiteal, lena n-áirítear caipiteal fiontair agus fáis, a dhéanamh níos éasca agus níos simplí freisin, go háirithe do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta.

18. Chun an comhaontú nua maidir le hiomaíochas na hEorpa a chur chun feidhme, iarrann an Chomhairle Eorpach go ngabhfaí chun cinn leis an obair ar bhealach pras cinntitheach maidir leis na príomhréimsí seo a leanas lena spreagtar an t-iomaíochas:

***An Margadh Aonair***

(a) an Margadh Aonair a dhoimhniú trí dheireadh a chur leis na bacainní atá fós ann, i gcomhréir le Tuarascáil 2020 ar Bhacainní, leis an Teachtaireacht dar teideal '30 bliain den Mhargadh Aonair', agus leis an Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas, agus trí na rialacha saorghluaiseachta a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go hiomlán. I bhfianaise an tseirbhísithe agus an dá aistriú, ba cheart díriú ar sholáthar trasteorann seirbhísí, go háirithe seirbhísí cothrománacha agus seirbhísí atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de, chomh maith le gluaiseacht trasteorann earraí, lena n-áirítear earraí bunriachtanacha, mar shampla, cógais, agus é sin bunaithe ar riachtanais na ngnólachtaí, na n-institiúidí poiblí agus na saoránach, agus aghaidh á thabhairt ar thrédhearcacht na slabhraí soláthair san am céanna;

(b) naisc iompair agus soghluaisteacht laistigh den Aontas a fheabhsú trí aghaidh a thabhairt ar naisc atá in easnamh nó ar scrogaill agus tríd an gcreat a uasghrádú;

(c) dul i ngleic le cleachtais tráchtála éagóracha, cuir i gcás, décháilíocht earraí bia, a bhaineann an bonn den mhuinín atá ag tomhaltóirí an Aontais as an Margadh Aonair;

(d) straitéis chothrománach nua a cheapadh le haghaidh Margadh Aonair nuachóirithe faoi mhí an Mheithimh 2025. Ba cheart béim faoi leith a thabhairt ar dhúshláin a bhfuil tionchar acu ar iomaíochas gnólachtaí den uile mhéid, agus aird shonrach á tabhairt ar FBManna agus ar ghnólachtaí nuathionscanta;

***Aontas na Margaí Caipitil***

(e) dul chun cinn a dhéanamh san obair sa Chomhairle agus sa Choimisiún gan mhoill maidir leis na bearta riachtanacha uile a sainaithníodh chun margaí caipitil Eorpacha atá fíor-chomhtháite a chruthú, ar margaí iad a mbeidh rochtain ag na saoránaigh agus na gnólachtaí uile san Aontas orthu, chun tairbhe na mBallstát uile, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

(i) gnéithe ábhartha de na creataí náisiúnta dócmhainneachta corparáide a chomhchuibhiú;

(ii) infheistíochtaí a chothú, lena n-áirítear i gcothromas trasteorann, trí chóineasú spriocdhírithe a dhéanamh ar chórais chorparáideacha dhea-cheaptha le haghaidh gníomhaithe agus sásraí margaí caipitil;

(iii) margadh urrúsúcháin na hEorpa a athsheoladh, lena n-áirítear trí athruithe rialála agus stuamachta a dhéanamh, agus leas á bhaint as aon solúbthacht atá ann;

(iv) feabhas a chur ar chóineasú agus éifeachtúlacht na maoirseachta a dhéantar ar mhargaí caipitil ar fud an Aontais. Iarrann sí ar an gCoimisiún na coinníollacha a mheas agus obair a dhéanamh chun go mbeidh na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha in ann maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar na gníomhaithe ábhartha is sistéamaí i réimse an chaipitil agus an mhargaidh airgeadais, agus é mar aidhm comhtháthú airgeadais a neartú agus cobhsaíocht airgeadais a áirithiú, próisis a shimpliú agus costais chomhlíonta a laghdú, agus leasanna na mBallstát uile á gcur san áireamh;

(v) feabhas a chur ar na coinníollacha le haghaidh infheistíocht institiúideach, mhiondíola agus trasteorann sa chothromas agus le haghaidh na roghanna maoiniúcháin agus scoir i gcás gnólachtaí Eorpacha atá i mbun fáis;

(vi) cothrom iomaíochta a áirithiú maidir le rochtain ar chaipiteal príobháideach do na Ballstáit uile;

(vii) táirge infheistíochta/coigiltis trasteorann simplí éifeachtach a dhearadh agus a chur chun feidhme le haghaidh infheisteoirí miondíola; táirgí pinsin agus coigiltis fhadtéarmaigh a fhorbairt;

(viii) timpeallacht infheistíochta tharraingteach atá fabhrach don tomhaltóir a chruthú agus cultúr infheisteoirí a chur chun cinn i measc shaoránaigh an Aontais, lena n-áirítear trí litearthacht airgeadais na saoránach a neartú agus tionscnaimh múscailte feasachta a chur chun cinn;

(ix) creat rialála an mhargaidh airgeadais a athbhreithniú agus a shimpliú chun an rómhaorlathas a laghdú;

***Tionsclaíocht***

(f) beartas tionsclaíoch éifeachtach a fhorbairt agus a chur chun feidhme, trí idirphlé leis na páirtithe leasmhara, lena ndéanfar earnáil na tionsclaíochta a dhícharbónú ar bhealach iomaíoch, buntáiste iomaíoch an Aontais i dteicneolaíochtaí digiteacha agus glana a fhorbairt, na slabhraí soláthair straitéiseacha a éagsúlú agus a dhaingniú, agus bonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch na cosanta Eorpaí a neartú;

***Taighde agus nuálaíocht***

(g) timpeallacht a chothú atá níos fabhraí don nuálaíocht agus atá bunaithe ar eolaíocht den scoth, lena gcuirfear dlús le glacadh nuálaíochtaí sa mhargadh, agus an nuálaíocht a mhéadú ó thaobh na tionsclaíochta agus na tráchtála de, agus infheistíocht sa taighde agus san fhorbairt á méadú ag an am céanna chun an sprioc caiteachais 3 % de OTI a bhaint amach;

***Fuinneamh***

(h) fíoraontas fuinnimh a bhaint amach, trí sholáthar fuinnimh fhlúirsigh inacmhainne ghlain a dhaingniú, lena saothraítear an dá chuspóir: ceannasacht fuinnimh agus aeráidneodracht na hEorpa. Chuige sin, beidh gá le leictriú uaillmhianach agus úsáid á baint as gach réiteach glan-nialasach agus ísealcharbóin, le solúbthacht, agus le himscaradh agus infheistíocht shubstaintiúil i dtaobh eangacha, stóráil agus idirnasc;

***An geilleagar ciorclach***

(i) an chiorclaíocht agus an éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú, lena n-áirítear trí leas a bhaint as acmhainneacht an bhithgheilleagair, agus ar an gcaoi sin, na spleáchais ó thaobh acmhainní príomhúla a laghdú, go háirithe i gcás na n-amhábhar criticiúil;

***Cúrsaí digiteacha***

(j) tacú le claochlú digiteach an ghnó, an rialtais agus na sochaí, rud a éilíonn fíor-Mhargadh Aonair le haghaidh seirbhísí digiteacha agus sonraí, lena spreagfaí agus lena n-éascófaí infheistíocht sa bhonneagar digiteach, ar nós 5G agus 6G, agus dul i ngleic le bacainní féideartha ar ghníomhaíocht trasteorann in earnáil na líonraí móibíleacha agus úsáid teicneolaíochtaí digiteacha ceannródaíocha, cuir i gcás, an intleacht shaorga, blocshlabhra, an ríomhaireacht chandamach agus teicneolaíocht réaltachta tumthaí, agus lena mbainfí leas iomlán as acmhainneacht neamhshaothraithe sonraí san Eoraip, agus príobháideachas agus slándáil á n-áirithiú ag an am céanna. Leagann an Chomhairle Eorpach béim freisin ar a riachtanaí atá sé ceannaireacht an Aontais a neartú ó thaobh gnóthaí digiteacha domhanda de agus iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí teachtaireacht chomhpháirteach a ullmhú chuige sin;

***Cúrsaí sóisialta***

(k) poist ardcháilíochta a chothú ar fud na hEorpa trí dhlús a chur, trí idirphlé sóisialta treisithe, le saothrú príomhspriocanna 2030 maidir le rannpháirtíocht mhéadaithe i margadh an tsaothair, athsciliú/uas-sciliú agus foghlaim ar feadh an tsaoil, trí dhul i ngleic le bearnaí scileanna agus ganntanais lucht saothair i gcomhthéacs mórthreochtaí déimeagrafacha, lena n-áirítear soghluaisteacht tallainne laistigh den Aontas agus chuig an Aontas, agus tríd an gcomhionannas deiseanna a áirithiú;

***An trádáil***

(l) tacú le ról lárnach EDT sa chóras iltaobhach riailbhunaithe; beartas trádála uaillmhianach, láidir, oscailte agus inbhuanaithe a shaothrú lena gceadaítear comhaontuithe córa trádála, lena n-osclófar margaí tríú tíortha do chuideachtaí an Aontais, lena gcosnaítear leasanna an Aontais, lenar féidir slabhraí soláthair athléimneacha iontaofa a fhorbairt, lena ráthaítear cothrom ceart iomaíochta agus lena gcruthaítear deiseanna cómhalartacha le haghaidh rochtain ar an margadh.

**Creat rialála atá níos fearr agus níos cliste**

19. Ba cheart don chreat rialála an deimhneacht dhlíthiúil agus intuarthacht a áirithiú, a bheith níos comhtháite, comhleanúnach ar fud na réimsí beartais, a bheith ar oscailt do chuir chuige nuálacha agus a bheith digiteach mar réamhshocrú, agus ag an am céanna, an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí a laghdú. Agus creatlach eacnamaíoch an Aontais á cur san áireamh, ba cheart don Choimisiún an prionsabal 'tús áite d'fhiontair bheaga' a chur i bhfeidhm agus reachtaíocht nua á ceapadh aige.

20. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún an t-ualach riaracháin agus comhlíonta ar chuideachtaí agus ar údaráis náisiúnta a laghdú ar bhealach suntasach, an ró-rialáil a chosc agus forfheidhmiú rialacha an Aontais a áirithiú, agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh na Ballstáit reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme go tráthúil agus i gceart, agus ró-thrasuí á sheachaint.

21. Rannchuideofar leis an gcuspóir sin trí chreataí rialála a chomhchuibhiú, trí aitheantas frithpháirteach a spreagadh, trí na sonraí a thuairiscítear a chuíchóiriú, agus trí leanúint den tionscnamh chun laghdú 25 % ar a laghad a dhéanamh ar thuairisciú. Go háirithe, beidh sé tábhachtach a áirithiú go simpleofar na nósanna imeachta le haghaidh ceadanna agus ceadúnas, deireadh a chur le tuairisciú neamhriachtanach agus cosc a chur ar oibleagáidí forluiteacha a thabhairt isteach. Ba cheart don Choimisiún measúnuithe tionchair agus seiceálacha iomaíochais atá ar ardcháilíocht, tráthúil agus cuimsitheach a sholáthar, lena n-áireofaí na héifeachtaí carnacha, le haghaidh tograí reachtacha a bhfuil tionchar suntasach acu.

**Earnáil iomaíoch inbhuanaithe athléimneach talmhaíochta**

22. Tá earnáil talmhaíochta a bheidh iomaíoch, inbhuanaithe agus athléimneach ar cheann de phríomhleasanna straitéiseacha an Aontais. Tá creat cobhsaí intuartha de dhíth ar fheirmeoirí, lena n-áirítear chun cabhrú leo dul i ngleic leis na dúshláin chomhshaoil agus aeráide. I gcomhréir leis na conclúidí a ghlac sí roimhe seo, iarrann an Chomhairle Eorpach go nglacfaí an leasú ar rialachán CBT gan mhoill agus molann sí don Chomhairle agus don Choimisiún obair a dhéanamh ar an méid seo a leanas go háirithe:

(a) bearta gearrthéarmacha agus meántéarmacha a chur chun feidhme chun an t-ualach riaracháin a laghdú agus simpliú a bhaint amach;

(b) seasamh na bhfeirmeoirí i slabhra an tsoláthair bia a neartú chun ioncam cóir a áirithiú;

(c) iomaíocht riailbhunaithe chóir a áirithiú ar fud an domhain agus sa mhargadh inmheánach;

(d) an síneadh atá beartaithe ar an gcreat sealadach maidir le Státchabhair agus an fhéidearthacht an uasteorainn maidir le cabhair *de minimis* don talmhaíocht a mhéadú;

(e) taraifí breise a fhorchur ar tháirgí talmhaíochta áirithe a allmhairítear ón Rúis agus ón mBealarúis isteach san Aontas, agus an tionchar ar an Margadh Aonair á chur san áireamh, agus ag féachaint chuige san am céanna, nach gcuirtear isteach ar idirthuras na n-earraí sin chuig tíortha i mbéal forbartha.

**Athbhreithniú ar dhul chun cinn**

23. Déanfaidh an Chomhairle Eorpach athbhreithniú rialta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir leis na tionscnaimh chun feabhas a chur ar iomaíochas an Aontais, a athléimneacht eacnamaíoch a dhaingniú agus lánacmhainneacht an Mhargaidh Aonair a bhaint amach.

24. Ag an gcruinniú a bheidh aici i mí an Mheithimh 2024, athbhreithneoidh an Chomhairle Eorpach an dul chun cinn agus pléifidh sí na céimeanna breise a theastaíonn chun Aontas na Margaí Caipitil a dhoimhniú.

25. Leanfaidh an Chomhairle Eorpach d'athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí ar mhaithe le hearnáil talmhaíochta a bheidh iomaíoch, inbhuanaithe agus athléimneach.